# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta 2025



# An Réamhrá

Is é an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta ceann riaracháin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an tOifigeach Cuntasaíochta, atá freagrach faoin dlí do Dháil Éireann as rialachas agus feidhmíocht na hOifige. Tacaíonn an Oifig leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir lena chuid feidhmeanna bunreachtúla agus reachtúla a fheidhmiú. Is iad na príomh-aschuir ó obair na hOifige ná dearbhuithe do Dháil Éireann maidir leis an gcruinneas a bhaineann le thart ar 290 cuntas bliantúil de chuid comhlachtaí poiblí agus cistí poiblí, agus tuarascálacha ar bhainistiú airgeadais acmhainní an Stáit. Le linn 2025, chuir an Oifig 29 tuarascáil ar shaincheisteanna sonracha i gcrích chomh maith.

Feidhmíonn coiste iniúchóireachta chun tacú leis an Oifigeach Cuntasaíochta a cuid dualgas a chomhlíonadh trí chomhairle neamhspleách a chur ar fáil maidir leis na hábhair uile a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach agus féachann sé freisin le forbairt an dea-chleachtais, i dtaca le déanamh iniúchta inmheánaigh agus bainistíocht riosca, a chothú go ginearálta san Oifig. I gcomhréir le cairt an choiste, tuairiscíonn an coiste don Oifigeach Cuntasaíochta gach bliain maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana. Leagtar amach sa tuarascáil seo freisin na saincheisteanna móra a scrúdaigh an coiste le linn 2025.

## Ról an choiste

Feidhmíonn an coiste faoi chairt i scríbhinn, atá leagtha amach in Aguisín A. Rinneadh athbhreithniú ar an gcairt le linn 2025 i gcomhréir leis an gceanglas go ndéanfadh an coiste athbhreithniú uirthi go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil sí oiriúnach do riachtanais na hOifige agus go bhfuil sí ag teacht leis an dea-chleachtas.

Tacaíonn an coiste leis an gcóras cuntasachta san Oifig trí chomhairle neamhspleách a chur ar fáil agus, go háirithe, trí

- mhaoirseacht ghinearálta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus trí chomhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoibriú agus forbairt an athbhreithnithe feidhme sin
- athbhreithniú ar nósanna imeachta bainistíochta riosca na hOifige agus comhairle ina leith sin
- athbhreithniú agus comhairle maidir le tuarascálacha bliantúla airgeadais agus feidhmíochta na hOifige

# Coiste iniúchóireachta 2025

Le linn 2025, bhí cúigear comhaltaí ar an gcoiste atá seachtrach don Oifig:

- **An tUasal John McCarthy** (Cathaoirleach) — iarArd-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag an am.

- **Anne Vaughan, Uasal** — iarLeas-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag an am.

- **An Dr Geraldine Smith** — iarStiúrthóir Náisiúnta Iniúchóireachta Inmheánaí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus do Tusla.

- **Diane McGiffen, Uasal** — iarPríomhfheidhmeannach Dhlí-Chumann na hAlban.

- **An tUasal Daniel Lambauer** — Príomhoifigeach Oibriúcháin, Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe.

Ba é cruinniú an choiste iniúchóireachta i mí na Nollag 2025 an cruinniú deireanach a bhí sa dara téarma 3 bliana de chuid Anne Vaughan. Chuir an coiste iniúchóireachta agus an Oifig in iúl gur mór acu an méid a chuir Anne le hobair an choiste le sé bliana anuas agus ghuigh siad gach rath uirthi. Chuir siad fáilte freisin roimh Paul Dempsey, iar-Ard-Rúnaí Cúnta agus Ard-Chuntasóir na gCoimisinéirí Ioncaim, chuig an gcruinniú mar bhreathnóir, sular ceapadh go foirmiúil ar an gcoiste iniúchóireachta é, rud a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Feabhra 2026.

Le linn 2025, ba í Colette Drinan, Uasal, a bhí ina hOifigeach Cuntasaíochta. Thug na stiúrthóirí iniúchóireachta — Colette Drinan, Uasal, An tUasal Andy Harkness agus Deirdre Quaid, Uasal — cúnamh don choiste le linn na bliana.

Bhí an tUasal Mitchell McIntyre ina rúnaí ar an gcoiste.

**Bhí ceithre chruinniú den choiste ann le linn 2025. D'fhreastail na comhaltaí, an cathaoirleach, na stiúrthóirí agus rúnaí an choiste ar gach cruinniú, seachas comhalta amháin agus stiúrthóir amháin a d'fhreastail gach duine acu sin ar thrí chruinniú agus comhalta amháin a d'fhreastail ar dhá chruinniú.**

# Formhaoirseacht ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí

Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta iniúchóireachtaí inmheánacha a choimisiúnú agus tuairiscítear iad don Oifigeach Cuntasaíochta, agus déanann an coiste iniúchóireachta monatóireacht ar an bpróiseas.

Le cairt ar leith i scríbhinn arna comhaontú ag an gcoiste iniúchóireachta agus ag an Oifigeach Cuntasaíochta, rialaítear obair an iniúchóra inmheánaigh.

Déantar cur síos sa chairt, a ndearnadh athbhreithniú uirthi le linn 2025 agus atá leagtha amach in Aguisín B, ar na nithe seo a leanas:

- ról agus freagrachtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí
- an t-údarás don obair a dhéantar agus raon feidhme na hoibre sin
- bearta chun neamhspleáchas na hiniúchóireachta inmheánaí a chinntiú
- an cur chuige i leith na hoibre, agus
- nósanna imeachta tuairiscithe agus leantacha.

Cuireann gnólacht iniúchóireachta seachtrach seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí ar fáil faoi chonradh. Tar éis comórtas soláthair phoiblí, ceapadh Forvis Mazars mar iniúchóir inmheánach ar feadh tréimhse trí bliana dar tús 2024. Nuair a ceapadh Forvis Mazars, rinne sé anailís ar na rioscaí atá os comhair na hOifige agus d'fhorbair sé plean rollach ilbhliantúil de na réimsí a bhí le scrúdú. Déanann an coiste athbhreithniú ar an bplean gach bliain, agus pléitear é leis an Oifigeach Cuntasaíochta, agus tugtar tús áite do réimsí lena scrúdú ar aon dul le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus forbairtí.

Tháinig an Coiste le chéile go príobháideach le Forvis Mazars ag na cruinnithe a bhí aige i mí Feabhra 2025 agus i mí na Lúnasa 2025.

Tháinig an coiste ar chomhaontú i mí Feabhra 2025 maidir le clár de thrí iniúchóireacht inmheánacha atá le tabhairt chun críche ag Forvis Mazars le linn 2025. Tháinig an coiste ar chomhaontú i mí Feabhra 2025 maidir le clár de thrí iniúchadh inmheánacha a bhí le tabhairt chun críche ag Forvis Mazars le linn 2025.  Tugadh tuarascáil amháin ar an iniúchadh inmheánach ó chlár 2025, maidir le hioncam agus infháltais, chun críche in 2025. As an dá iniúchadh inmheánacha eile ó chlár 2025, cuireadh ceann amháin (maidir leis an gcibearshlándáil) i gcrích i mí Feabhra 2026 agus meastar go gcuirfear an ceann eile (maidir le rialachas agus rialú sonraí) i gcrích faoi dheireadh mhí an Mhárta 2026. Ina theannta sin, cuireadh athbhreithniú ar phríobháideachas agus ar chosaint sonraí/RGCS ó chlár 2024 i gcrích i mí Feabhra 2025.

Sa tuarascáil bhliantúil ar an iniúchadh inmheánach do 2025, cuireadh tuairim shásúil in iúl maidir leis na córais, na próisis agus na gníomhaíochtaí a scrúdaíodh le linn na bliana.

**Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha ceartaitheacha a comhaontaíodh**

D'iarr an coiste iniúchóireachta tuarascáil leantach ón bhfeidhmeannas ar mholtaí iniúchóireachta inmheánaí atá fós gan réiteach ag gach cruinniú in 2025.

Tháinig laghdú ar an líon moltaí oscailte ó 2024 agus ar an líon iniúchtaí a rinneadh roimhe sin ó dheich gcinn ag tús 2025 go cúig cinn ag deireadh na bliana. Baineann ceithre cinn de na moltaí oscailte atá fanta le réimse na pleanála leanúnachais gnó agus baineann ceann amháin le bainistíocht taifead.

Rinneadh cúig mholadh déag nua sna hiniúchtaí inmheánacha a cuireadh i gcrích in 2025 agus tá ceithre mholadh fós ar oscailt ag deireadh 2025 a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an ioncam agus na cuntais infhála.

Ní raibh aon mholadh ardrátáilte i measc na naoi moladh a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana.

## Monatóireacht agus athbhreithniú bainistíochta riosca

Feidhmíonn córas bainistíochta riosca san Oifig a bhfuil gníomhartha bainistíochta riosca leabaithe aige laistigh den phróiseas pleanála gnó, measúnuithe riosca rannáin agus ceardlanna foirne bliantúla. Baineann ról comhairleach an choiste iniúchóireachta le gach ábhar a bhaineann le bainistíocht riosca agus i gcomhlíonadh an róil sin, déanann an coiste an méid seo a leanas go rialta:

- Scrúdaítear nuashonruithe ar an gclár rioscaí agus ar na rialuithe maolaithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo
- déanann sé athbhreithniú ar fheidhmiú an chórais bainistíochta riosca laistigh den Oifig, agus
- féachann sé an bhfuil an polasaí bainistithe riosca leordhóthanach.

Tá triúr Stiúrthóirí ar Choiste Bainistíochta Riosca na hOifige a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca agus a thagann le chéile gach ráithe chun cláir rioscaí na hOifige a phlé agus a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis gach cruinnithe ráithiúil, foilsítear na rioscaí corparáideacha meánrátáilte agus ardrátáilte go seachtrach ar shuíomh gréasáin na hOifige. Foilsítear an liosta go hinmheánach freisin ar inlíon na hOifige. Ag gach cruinniú den choiste iniúchóireachta, cuireann an tOifigeach Cuntasaíochta an clár rioscaí faoi bhráid an choiste agus cuireann sé nuashonrú ginearálta ar fáil maidir le haon ábhar a bhaineann le rioscaí san Oifig.

I rith 2025, níor mheas an Coiste Bainistíochta Riosca go raibh aon riosca iarmharach ar ardleibhéal. Bhain na rioscaí is airde rangaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca ag deireadh na bliana le gan gach ceanglas dlíthiúil, rialachas agus oibleagáid chorparáideach eile a chomhlíonadh mar gheall ar shárú cibearshlándála agus/nó sárú sonraí agus gan cumas foirne leordhóthanach a bheith acu chun cláir na hOifige a sholáthar.

## Athbhreithniú ar an tuarascáil bhliantúil airgeadais agus feidhmíochta

Cuireann an tOifigeach Cuntasaíochta Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais isteach mar chuid de chuntas leithreasa bliantúil na hOifige. Leagtar amach sa ráiteas seo an córas rialaithe airgeadais atá i bhfeidhm mar aon le feabhsuithe atá á ndéanamh agus na sásraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe sin.

I gcomhréir lena chairt, rinne an coiste iniúchóireachta trácht ar chuntas leithreasa 2024 a chuir an Oifig ar fáil agus rinne an coiste athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais. Níl aon ról foirmiúil ag an gcoiste maidir le Ráiteas na hOifige ar Rialú Inmheánach Airgeadais a fhormheas ach cuireann sé tuairim in iúl bunaithe ar an eolas atá aige ar na córais agus ar na rialuithe dá dtagraítear ann. Bhí an coiste iniúchóireachta sásta leis na huiríll a rinneadh i Ráiteas 2024 ar Rialú Inmheánach Airgeadais a shínigh an tOifigeach Cuntasaíochta.

Scaipeadh dréacht réamhfhoilseacháin de thuarascáil feidhmíochta na hOifige don bhliain 2024 chuig an gcoiste mar eolas.

## Iniúchóireacht sheachtrach

Rinne Crowe Ireland, arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin dlí, iniúchóireacht sheachtrach faoi chonradh ar chuntas leithreasa 2024 a chuir an Oifig ar fáil. Tugadh tuairim neamhcháilithe.

Bhuail an coiste leis an iniúchóir seachtrach, a thug tuairisc ar na príomhphointí a d’eascair as an iniúchóireacht ar chuntas leithreasa 2024 agus le haghaidh plé ar an bpróiseas iniúchóireachta seachtraí, gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair ag cruinniú mhí na Bealtaine 2025.

# Athbhreithniú ar nuashonruithe forbartha gnó

Ag gach cruinniú, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta nuashonrú ar fáil don choiste iniúchóireachta maidir le forbairtí suntasacha gnó. I measc na n-ábhar a cumhdaíodh sna nuashonruithe sin le linn 2025, bhí:

- rannpháirteachas eagraíochtúil
- éagsúlachtaí buiséid agus réamh-mheastacháin airgeadais
- Leibhéil foirne agus torthaí earcaíochta
- Feidhmíocht agus ionchas gnó
- Calaois, teagmhais slándála agus rioscaí
- Nuashonruithe cibearshlándála lena n-áirítear feachtais oiliúna, teagmhais shuntasacha, deimhniú ISO 27001 agus treoir NIS2
- Socruithe tástála maidir le téarnamh ó thubaistí agus plean leanúnachais gnó
- Iarrataí ar rochtain ar shonraí a fuair an Oifig
- An Oifig a athdheimhniú mar Áit Iontach chun Obair a dhéanamh, lena n-áirítear aitheantas ar an liosta maidir leis na hionaid oibre is fearr
- Forléargas ar thairiscint mheastacháin na hOifige
- Forléargas ar idirghabháil chomhlíonta leibhéal 1 arna déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim
- Treoir maidir le léargais iniúchóireachta a d'fhoilsigh an Oifig maidir le faisnéis airgeadais ar ardchaighdeán a chur ar fáil do bhoird agus do choistí iniúchóireachta agus riosca
- Forbairtí earnála agus tionscail a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Oifig
- Dul chun cinn maidir le forbairt ráiteas straitéise na hOifige do na blianta 2026-2030, agus
- Pleanáil comharbais don choiste iniúchóireachta.

## Measúnú ar éifeachtacht an Choiste

Bunaithe ar a chuid oibre i rith na bliana, mar atá leagtha amach thuas, tá an coiste sásta go bhfuil a chuid dualgas comhlíonta aige faoi threoir a chairte.

Fostaíodh gnólacht comhairleoireachta seachtrach, Crowe Ireland, chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtacht an Choiste. Tháinig Crowe ar an gconclúid go measann sé go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta ag feidhmiú go héifeachtach. Rinne Crowe cúig mholadh chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna chun na hoibríochtaí atá ann faoi láthair a fheabhsú. Ghlac an Coiste leis na moltaí agus tá obair leantach ghníomhach á déanamh aige ar a gcur i bhfeidhm.

## Conclúidí agus nótaí buíochais

Bunaithe ar a chuid oibre i rith na bliana, mar atá leagtha amach thuas, tá an coiste sásta go bhfuil a chuid dualgas comhlíonta aige faoi threoir a chairte.

Tá an coiste sásta, bunaithe ar obair na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus na ndearbhuithe a thugtar don choiste, go gcuireann sé an leibhéal cuí tacaíochta ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta nuair atá a cuid oibleagáidí cuntasachta á gcomhlíonadh aici.

Tá an coiste sásta freisin go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Oifig i gcónaí maidir lena córais le haghaidh rialú airgeadais, bainistíocht riosca, tuairisciú airgeadais, dearbhú cáilíochta iniúchóireachta agus socruithe TFC a mheas agus a bheachtú, agus tagarmharcanna iomchuí dea-chleachtais á gcur san áireamh.

Thug an coiste dá aire an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana maidir le moltaí iniúchóireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm agus tháinig laghdú ar an líon moltaí oscailte sna blianta roimhe sin ó dheich gcinn ag tús na bliana 2025, go dtí cúig cinn faoi dheireadh na bliana. Thug an coiste dá aire gur dúnadh moladh seanbhunaithe amháin i réimse na bainistíochta taifead agus an dul chun cinn a rinne an feidhmeannas le linn na bliana ar an moladh seanbhunaithe eile sa réimse seo.

Ba mhaith leis an gcoiste freisin a bhuíochas a chur in iúl as an tacaíocht an-láidir a léirigh an fhoireann ardbhainistíochta agus aitheantas a thabhairt don chur chuige an-oscailte agus cuiditheach a ghlac an lucht bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tháinig aníos i rith na bliana. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghabháil lena rúnaí freisin as tacaíocht a thabhairt d’obair an choiste.

Tá an coiste ag tnúth le leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt, laistigh dá shainchúram, don phróiseas leanúnach feabhsúcháin agus forbartha atá ar siúl san Oifig.

John McCarthy: _
Cathaoirleach

Dáta: 3 Márta 2026

Geraldine Smith: _

Dáta: 3 Márta 2026

Diane McGiffen: _

Dáta: 3 Márta 2026

Daniel Lambauer: _

Dáta: 3 Márta 2026

Paul Dempsey: _

Dáta: 3 Márta 2026

# Cairt an choiste iniúchóireachta

## An Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad seo cairt an Choiste Iniúchóireachta arna bunú ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar a aontaíodh idir an Oifig agus an Coiste Iniúchóireachta.

## Ról an Choiste

Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais laistigh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ná seo a leanas:

- maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoibriú agus forbairt na feidhme sin.
- athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta bainistíochta riosca na hOifige agus comhairle a thabhairt ina leith.
- trácht a dhéanamh ar thuarascálacha bliantúla airgeadais agus feidhmíochta na hOifige.
- léargas neamhspleách agus oibiachtúil a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta trí scrúdú a dhéanamh ar an bpróiseas trína bhfaigheann sé/sí dearbhú maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais agus trí chomhairle a thabhairt ina leith.

Níl aon ról ag an gCoiste maidir le bainistiú feidhmiúcháin na hOifige, rud atá fós mar fhreagracht ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar stiúrthóirí iniúchóireachta eile.

## Neamhspleáchas

Tá an Coiste Iniúchóireachta neamhspleách ar an eagraíocht agus ar an gcuspóir agus é ag breithniú na dtuarascálacha a thugtar dó. Chun a neamhspleáchas ar an mbainistíocht a choinneáil, tuairiscíonn an Coiste go díreach don Oifigeach Cuntasaíochta.

## Ballraíocht

Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige a cheapfaidh an Coiste agus is iad a bheidh air ná cibé daoine nach mó ná cúigear a chinnfidh sé/sí i gcomhairle leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta a cheapfaidh cathaoirleach an Choiste ar an mbealach céanna. Is go ceann tréimhse trí bliana a dhéanfar ceapacháin chuig an gCoiste, mura gcinnfidh an tOifigeach Cuntasaíochta a mhalairt. Féadfar comhaltaí a athcheapadh tar éis trí bliana faoi réir théarma sé bliana ar a mhéad.

Féadfaidh an Coiste, le comhaontú an Oifigigh Cuntasaíochta agus ar feadh cibé téarma a chomhaontófar leis an Oifigeach Cuntasaíochta, comhalta breise amháin a bhfuil saineolas speisialaithe aige a chomhthoghadh, i gcás ina gcreideann sé go bhfuil saineolas den sórt sin ag teastáil uaidh chun a chur ar chumas an Choiste a dhualgais a chomhlíonadh.

Faoi réir an buiséad riachtanach a bheith formheasta ag an Oifigeach Cuntasaíochta, féadfaidh an Coiste comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg maidir le hábhair shonracha ó am go ham.

## Stiúradh

Ba cheart do chomhaltaí an Choiste feasacht a choinneáil ar fhócas airgeadais, clú agus straitéiseach na hOifige agus a gnó á stiúradh acu.

## Coimhlintí leasa

Ullmhóidh gach comhalta ráiteas leasanna agus cuirfear faoi bhráid an Oifigigh Cuntasaíochta iad ar bhonn bliantúil.

I gcás ina dtiocfaidh coinbhleacht leasa chun cinn le linn obair an Choiste, cuirfidh an comhalta an méid sin in iúl don Chathaoirleach agus, i gcás inar gá, fágfaidh sé an seomra ar feadh thréimhse an phlé agus ní ghlacfaidh sé páirt in aon chinneadh a bhaineann leis an bplé. Cuirfear nóta chuige sin san áireamh i miontuairiscí an chruinnithe. I gcásanna den sórt sin, tá toirmeasc ar chomhaltaí plé nó canbhasáil a dhéanamh le comhaltaí eile den Choiste ar an ábhar is cúis leis an gcoinbhleacht agus níl cead acu iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar aon chinneadh ón gCoiste a bhaineann leis an ábhar sin.

## Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais an Choiste:

- an chairt um sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a fhormheas agus a choimeád faoi athbhreithniú chun a chinntiú go sainítear go soiléir inti cuspóir, údarás, róil agus freagrachtaí agus caidrimh tuairiscithe

aon duine a bhfuil baint aige nó aici le tasc iniúchóireachta inmheánaí.

- trácht a dhéanamh ar thuarascálacha bliantúla airgeadais agus feidhmíochta na hOifige.
- comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hiniúchóirí inmheánacha a cheapadh, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe an Iniúchóra Inmheánaigh.
- athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtphlean iniúchóireachta inmheánaí agus comhairle a thabhairt ina leith, sula n-aontaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta leis.
- monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean iniúchóireachta inmheánaí chun a chinntiú go mbainfear amach na cuspóirí iniúchóireachta.
- a iarraidh go gcuirfí topaicí san áireamh sa phlean bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.
- measúnú a dhéanamh ar thoradh na bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí ag féachaint do thorthaí, do mholtaí agus do fhreagairtí bainistíochta.
- measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha ceartaitheacha a chomhaontaigh an lucht bainistíochta ag féachaint d'iniúchóireachtaí ina dhiaidh sin.
- aon ábhar imní maidir le neamhspleáchas an Iniúchóra Inmheánaigh a tharraingt aníos leis an Oifigeach Cuntasaíochta.
- athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh agus an t-idirchaidreamh atá ag an Iniúchóir Inmheánach leis an Iniúchóir Seachtrach chun comhoibriú a chinntiú, dúbailt a sheachaint agus bearnaí a d'fhéadfadh a bheith i gcumhdach na hiniúchóireachta a sheachaint.
- forbairt an dea-chleachtais a chothú go ginearálta, i dtaca le hiniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus tuairisciú seachtrach a dhéanamh.
- comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach.
- aiseolas a fháil ón Iniúchóir Inmheánach agus ó lucht bainistíochta na hOifige maidir le héifeachtacht an phróisis bainistithe riosca, agus aiseolas den sórt sin a chur san áireamh le haghaidh ionchur i dtosaíochtaí an phlean Iniúchóireachta Inmheánaí.
- comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le ceanglais rialachais chorparáidigh na hOifige.
- athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithchalaoise na hOifige, ar phlean freagartha calaoise na hOifige, ar chlár calaoise na hOifige agus ar shocruithe na hOifige maidir le himscrúduithe speisialta.
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Choiste féin, agus torthaí an athbhreithnithe a thuairisciú don Oifigeach Cuntasaíochta. Déanfaidh an Coiste measúnú seachtrach gach trí bliana agus déanfaidh sé féinmheasúnú gach bliain nach ndéanfar measúnú seachtrach.
- gníomhaíochtaí eile a dhéanamh a bhaineann leis an gcairt arna n-iarraidh sin ag an Oifigeach Cuntasaíochta.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Obair Iniúchóireachta Inmheánaí

Mar gheall ar chineál agus ar mhéid na hOifige, cuireann gnólacht iniúchóireachta gairmiúil iniúchóireacht inmheánach ar fáil ar bhonn conartha. Déanfaidh an Coiste athbhreithniú uair sa bhliain ar a laghad ar thuarascáil ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí arna hullmhú ag an Iniúchóir Inmheánach.

### Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Déanfaidh an Coiste aon tuarascáil a mheas lena n-áirítear torthaí agus tuairimí i ndáil le Cuntas Leithreasa na hOifige a foilsíodh i dtuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Cuntais Leithreasa nó ar aon litir nó tuarascáil bhainistíochta ón iniúchóir arna cheapadh aige faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

### Cruinnithe

Tionólfar cruinnithe den choiste ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana féilire. Beidh córam de thriúr ag teastáil do gach cruinniú agus, má bhíonn an cathaoirleach as láthair do chruinniú ar leith, comhaontóidh an Coiste cén comhalta a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú sin.

Tabharfar cuireadh don Oifigeach Cuntasaíochta agus do na Stiúrthóirí freastal ar gach cruinniú den Choiste. Féadfaidh an Coiste a iarraidh ar an Iniúchóir Inmheánach freastal ar chruinnithe den Choiste. Beidh údarás ag an gCoiste freisin a iarraidh ar Leas-Stiúrthóirí freastal ar chruinnithe den Choiste, de réir mar a mheasann sé is gá.

Uair sa bhliain ar a laghad, tabharfaidh an Coiste cuireadh don iniúchóir arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 chun casadh leo chun ábhair chomhleasa a phlé, lena n-áirítear a chur chuige iniúchóireachta.

Casfaidh an Coiste leis na hIniúchóirí Seachtracha agus na hIniúchóirí Inmheánacha uair sa bhliain ar a laghad gan an lucht bainistíochta i láthair.

### Rúnaíocht

Feidhmeoidh an Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Lárnacha mar rúnaí don Choiste.

Déanfaidh an rúnaí don Choiste an méid seo a leanas:

- cláir oibre na gcruinnithe a eisiúint lena ndeimhnítear ionad, am agus dáta na gcruinnithe do na comhaltaí, mar aon le hábhair iomchuí faisnéise, tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh dháta an chruinnithe.
- páipéir a choimisiúnú de réir mar is gá agus tacú leis an gCoiste agus tuarascálacha á n-ullmhú aige.
- miontuairiscí na gcruinnithe a ullmhú agus iad a scaipeadh go pras do na comhaltaí uile den choiste chun a mbarúlacha a fháil sula gcuirfear bailchríoch orthu. Cuirfear miontuairiscí an chruinnithe síos lena bhformheas ag an gCoiste ag an gcruinniú a bheidh aige ina dhiaidh sin.
- miontuairiscí formheasta an Choiste a scaipeadh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta agus iad a chur ar inlíon na hOifige laistigh de dheich lá oibre tar éis a bhformheasta.
- maidir le haon ghníomh comhaontaithe, an t-úinéir, an sprioc-am agus aon chomhairle a thugann páirtithe leasmhara a dhoiciméadú agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha idir cruinnithe.
- taifid iomchuí a choinneáil ar obair an Choiste.

### Feidhmiú an Choiste

Glacfaidh an Coiste a nósanna imeachta oibre féin.

Forbróidh an Coiste plean oibre bliantúil ina sonrófar na gníomhartha a bheidh le déanamh chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh agus chun comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta.

### Nochtuithe Cosanta

Níl ról ag an gCoiste maidir le nochtuithe cosanta a fhaigheann an Oifig. Déanfaidh an Coiste aon nochtadh cosanta a fhaigheann sé a chur ar aghaidh chuig an Oifig.

Sa chás go bhfaigheann an tIniúchóir Inmheánach nochtadh cosanta, déanfaidh an tIniúchóir Inmheánach é a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta chun an modh athbhreithnithe/imscrúdaithe is iomchuí a chinneadh.

Gheobhaidh an Coiste tuarascálacha ar nochtuithe cosanta uair sa bhliain ar a laghad.

### Rochtain

Beidh ceart rochtana ag cathaoirleach an Choiste nó ag aon duine eile a ghníomhaíonn le húdarás an chathaoirligh ar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige agus ar Stiúrthóirí eile na hOifige.

Beidh rochtain shaor agus rúnda ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar Chathaoirleach an Choiste.

Beidh ceart rochtana ag an gCoiste ar na doiciméid ábhartha uile is gá chun a shainchúram a chomhlíonadh.

### Tuairisciú

Tuairisceoidh an Coiste go foirmiúil don Oifigeach Cuntasaíochta laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana, lena n-áirítear deimhniú go bhfuil na feidhmeanna uile a leagtar amach sa chairt curtha i gcrích, agus tabharfaidh sé cibé comhairle agus moltaí a mheasfaidh sé a bheith iomchuí.

### Athbhreithniú/Leasú ar an gcairt

Déanfar an chairt sin a athbhreithniú go tréimhsiúil, de réir mar is gá, ach uair amháin sa bhliain ar a laghad.

| | |
|---|---|
| **An tUasal John McCarthy**<br>**Cathaoirleach**<br>**An Coiste Iniúchóireachta** | **Colette Drinan, Uasal**<br>**Oifigeach Cuntasaíochta** |
| **Dáta: 5 Nollaig 2025** | **Dáta: 5 Nollaig 2025** |

# An chairt iniúchóireachta inmheánaí

## An Réamhrá

Leagtar amach sa chairt seo cuspóir, freagrachtaí agus sainordú na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí laistigh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Cuspóir

Is gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus comhairliúcháin í an iniúchóireacht inmheánach atá deartha chun luach a chur le hoibríochtaí eagraíochta agus iad a fheabhsú. Cuidíonn sí le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, smachtaithe a thabhairt isteach chun éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh agus rialachais a mheas agus a fheabhsú.

## Cuspóir an Taisc Iniúchóireachta Inmheánaí

Déanfaidh gnólacht iniúchóireachta gairmiúil gach tasc iniúchóireachta inmheánaí faoi chonradh, de bhun plean iniúchóireachta inmheánaí arna tharraingt suas ag an Oifigeach Cuntasaíochta tar éis comhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta..

Soláthrófar le gach tasc dearbhú oibiachtúil neamhspleách agus moltaí a cheapfar chun luach a chur le hoibríochtaí na hOifige agus chun iad a fheabhsú. Is é an aidhm ghinearálta a bheidh ann cuidiú leis an Oifig na cuspóirí a shonraítear ina Ráiteas Straitéise agus ina Pleananna Gnó a bhaint amach trí athbhreithniú córasach agus smachtaithe a dhéanamh ar éifeachtacht na bainistíochta riosca, an rialaithe inmheánaigh, na bpróiseas rialachais agus na feidhmíochta laistigh den raon feidhme a shonraítear sna téarmaí tagartha do gach rannpháirtíocht.

## Ról agus Freagrachtaí

Tá obair na hIniúchóireachta Inmheánaí ceaptha go príomha chun dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta na hOifige agus chun a chur ar a chumas nó ar a cumas a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh thar ceann na hOifige faoi Alt 19 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is ar bhainisteoirí líne atá an phríomhfhreagracht as an rialú inmheánach, ar bainisteoirí líne iad nach mór, gan aird a thabhairt ar ghníomhaíocht iniúchóireachta, a chinntiú go bhfuil socruithe rialaithe iomchuí agus leordhóthanacha ann ina réimsí freagrachta. Is é ról na hIniúchóireachta Inmheánaí measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe sin agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe de réir mar is cuí. Is ar an mbainistíocht líne lena mbaineann atá an fhreagracht as moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme freisin.

Agus a ról á chomhlíonadh, gníomhóidh an tIniúchóir Inmheánach go gairmiúil agus go heiticiúil agus cloífear le *Glacadh na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí Domhanda do 2024 do Ranna agus Oifigí* Rialtais a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí na Nollag 2024. Cinntear leis na caighdeáin sin go bhfuil feidhm ag *Caighdeáin Dhomhanda Iniúchóireachta Inmheánaí Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha maidir le ranna rialtais láir*.

Beidh rochtain ag an Iniúchóir Inmheánach freisin ar an iniúchóir seachtrach arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 agus comhoibreoidh sé leis an iniúchóir seachtrach sin.

## Sainordú

- **Údarás agus Raon Feidhme**

Faigheann an tIniúchóir Inmheánach a údarás ón Oifigeach Cuntasaíochta agus déanann sé a chuid oibre faoi mhaoirseacht ghinearálta agus faoi threoir ghinearálta an Choiste Iniúchóireachta. Tá an tIniúchóir Inmheánach údaraithe chun rochtain iomlán a bheith aige ar thaifid na hOifige (cinn láimhe agus leictreonacha), ar mhaoin fhisiciúil agus ar phearsanra a bhaineann lena chuid oibre a dhéanamh. Cinnteoidh an tIniúchóir Inmheánach go gcloífear le polasaithe cosanta sonraí na hOifige agus cinnteoidh sé go gcaitear leis na sonraí agus leis an bhfaisnéis go léir a fhaigheann sé mar shonraí agus faisnéis rúnda. Rachaidh an tIniúchóir Inmheánach ar iontaoibh an Oifigigh Cuntasaíochta de réir mar is gá.

- **Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht**

Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas an Iniúchóra Inmheánaigh a chaomhnú.

Níl aon fhreagracht ná údarás oibríochtúil ag an Iniúchóireacht Inmheánach ar aon cheann de na gníomhaíochtaí a ndearnadh iniúchóireacht orthu. Dá réir sin, ní chuirfidh siad rialuithe chun feidhme, ní fhorbróidh siad nósanna imeachta, ní shuiteálfaidh siad córais, ní ullmhóidh siad taifid ná ní rachaidh siad i mbun aon ghníomhaíochta a chuirfidh isteach ar bhreithiúnas an Iniúchóra Inmheánaigh. Mar sin féin, féadfaidh an Iniúchóireacht Inmheánach, más iomchuí leis an Oifigeach Cuntasaíochta, a athbhreithniú a leathnú chuig córais atá á bhforbairt agus comhairle a thabhairt maidir le rialuithe iomchuí gan dochar don cheart atá aige iniúchóireacht a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na córais sin.

Sa chás go dtagann an tIniúchóir Inmheánach ar an eolas faoi chúinsí e.g. coinbhleachtaí leasa pearsanta, teorainneacha raoin feidhme nó srianta ar rochtain ar thaifid a chuireann isteach ar a neamhspleáchas agus ar a oibiachtúlacht, tabharfaidh an tIniúchóir Inmheánach fógra don Oifigeach Cuntasaíochta agus do chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

- **Cur chuige iniúchóireachta**

Déanfar an obair san Iniúchóireacht Inmheánach trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid.

Tabharfar fógra roimh ré, nuair is féidir, do bhainisteoirína réimsí atá le hiniúchadh. Le linn iniúchóireachta, beidh ar an lucht bainistíochta agus ar an bhfoireann comhoibriú go hiomlán le riachtanais an iniúchóra.

- **Rochtain**

Beidh rochtain shaor agus faoi rún agan Iniúchóir Inmheánach ar chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

- **Tuairisciú agus obair leantach**

Díreofar i ngach tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ar nósanna imeachta agus rialuithe agus ar thorthaí. Nuair a bheidh iniúchóireacht críochnaithe, cuirfear torthaí ar aghaidh chuig lucht bainistíochta agus foireann an réimse iniúchóireachta chun a dtuairimí a fháil. Déanfar na tuairimí sin a mheas agus a thaifeadadh sa tuarascáil deiridh. Rachaidh cóipeanna den tuarascáil deiridh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta, chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus chuig na bainisteoirí líne ábhartha.

Nósanna imeachta leantacha, arb é is cuspóir leo a fháil amach go ndéanann an lucht bainistíochta gníomh iomchuí de bhun na dtorthaí agus na moltaí a thuairiscítear, féadfar iad a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama a chinnfidh an Coiste Iniúchóireachta.

## Leasú ar an gcairt

Coimeádfaidh an Coiste Iniúchóireachta an chairt seo faoi athbhreithniú agus féadfar í a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhchomhairliúchán idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta. Déanfar an doiciméad a athbhreithniú uair amháin sa bhliain ar a laghad.

**An tUasal John McCarthy**
**Cathaoirleach**
**An Coiste Iniúchóireachta**

**Dáta:** 5 Nollaig 2025

**Colette Drinan, Uasal**
**Oifigeach Cuntasaíochta**

**Dáta:** 5 Nollaig 2025